

AN BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

# Tuarascáil Bhliantúil
## 2012

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscíochta: An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2012

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) an 25 Márta 2003 faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000

Is leis an mBord Imscrúdú Taismí Muirí cóipcheart na tuarascála seo de bhun alt 35(5) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

Ní cheadaítear d'aon duine an tuarascáil seo ná aon chuid di a thairgeadh, a atáirgeadh nó a tharchur in aon fhoirm ná ar aon mhodh gan cead chuige sin go sainráite ón mBord Imscrúdú Taismí Muirí.

Tá saorchead úsáid a bhaint as an tuarascáil seo chun críche oideachais.

Arna fhoilsiú ag an mBord Imscrúdú Taismí Muirí © 2013

# Clár an Ábhair

## Cuid 1



1. Ráiteas an Chathaoirligh 2
2. Comhaltaí an Bhoird agus Eolas Ginearálta 5
3. Réamhrá 8
4. Achoimre maidir le hEachtraí a tharla i rith na bliana 2012 9
5. Achoimre maidir le Tuarascálacha a foilsíodh i rith na bliana 2012 11
6. Sampla de Thuarascálacha a foilsíodh i rith na bliana 2012 15
7. Comparáid maidir le Taismí Muirí 2002 - 2012 16
8. Pátrúin maidir le Cásanna Báis 2003 - 2012 17


## Cuid 2


Ráitis Airgeadais don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2012 19


An English language version of this Report is available on the Board's website, www.mcib.ie, or by request from the Secretary to the Board.

# Ráiteas an Chathaoirligh



Cathaoirleach:
**Cliona Cassidy, B.L.**

A Aire a chara,

De réir mar a éilítear faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000, is mór an sásamh dom an 10ú Tuarascáil Bhliantúil de chuid an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) maidir leis an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2012 a chur faoi do bhráid.

## Forléargas ar an mbliain 2012

Tháinig méadú go dtí 17 sa bhliain 2012 ar líon na n-eachtraí. Cé gur ardú 30% a bhí i gceist maidir le líon na dteagmhas, bhí ardú suntasach i gceist leis sin maidir le líon na gcásanna báis agus gortaithe. Bhí níos mó ná dúbailt ar líon na gcásanna báis i gcomórtas leis an mbliain 2011 agus tháinig méadú ó Náid go dtí 4 ar líon na gcásanna lenar bhain gortú. Fuair cúig dhuine dhéag bás i rith na bliana agus ba dhona an bhliain í do thionscal na hiascaireachta lenar bhain 9 gcás acu in. Fuair cúigear bás i mbun bearta caitheamh aimsire.

Cuireadh BITM ar bun aon bhliain déag ó shin agus tá 169 tuarascáil foilsithe ó shin i leith. Bhí 17 tuarascáil ar a raibh imscrúdú le déanamh i rith na bliana 2012 i ndáil le bás 15 duine. D’fhoilsigh an Bord 14 tuarascáil i rith na bliana 2012.

I dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird maidir leis an mbliain 2010, luadh go raibh an líon eachtraí lenar bhain deoch meisciúil ina ábhar imní ag an mBord agus moladh don Aire tús a chur le feachtas oideachais lena ndíreofaí aird ar an gcontúirt a bhaineann le deoch meisciúil a ól agus dul amach ar an uisce. Eisíodh Fógra Mara 56 i rith na bliana 2012 chun na forálacha faoin reachtaíocht trína gcuirtear cosc ar dhuine atá faoi thionchar an óil árthach a oibriú a chur i gcuimhne dóibh sin a thugann faoi ghníomhartha ar an uisce. Is cúis díomá deoch mheisciúil a bheith arís ina toisc shuntasach maidir le roinnt de na teagmhais agus lena thromchúiseach a bhí na heachtraí sin i rith na bliana 2012. D’áiteodh an Bord ar an Aire tabhairt faoi fheachtas leanúnach oideachais agus feasachta chun gach duine a bhíonn páirteach in imeachtaí caitheamh aimsire agus lucht thionscal na hiascaireachta chomh maith a chur ar an eolas faoin gcontúirt a bhaineann le deoch mheisciúil a ól agus árthaigh a stiúradh.

Bhí roinnt de na tuarascálacha a eisíodh i rith na bliana 2012 a léirítear iontu go bhfuiltear ag cloí níos géire le gnáis agus polasaithe sábháilteachta ar bháid iascaigh, druileáil agus cleachtadh ar threalamh sábháilteachta a úsáid san áireamh. Is é an trua nach bhfuiltear á dhéanamh sin ar fud na bhfud go fóill agus tá leibhéal suntasach neamhchomhlíontais ag baint le tionscal na hiascaireachta agus le hárthaigh áineasa. D’áiteodh an Bord ar an Aire cinntiú go gcuirtear an gá le cloí le polasaithe sábháilteachta trasna go maith ar lucht an tionscail.

Tugadh faoi deara i roinnt cásanna go raibh leasú neamhcheadaithe déanta ar na hárthaigh. Is féidir le hathrú den cineál sin ar árthach cur isteach go mór ar sheasmhacht nó ar chothromaíocht.

Is ábhar buartha don Bhord a thabhairt faoi deara go mbaineann cuid mhór de na cásanna báis in earnáil na hiascaireachta le hiascairí aonair a théann chun farraige gan an trealamh ceart sábháilteachta, raidiónna ardmhinicíochta agus tóirsí rabhaidh acu. D’áiteodh an Bord ar an Aire tabhairt faoi fheachtas leanúnach dírithe ar iascairí chun béim a leagan ar an gcontúirt atá i gceist. Ní féidir béim rómhór a leagan ar chúrsaí sábháilteachta sa tionscal tábhachtach sin agus tá acmhainní suntasacha curtha ar fáil don chuardach agus tarrtháil in Éirinn. Nuair atá an trealamh sábhála agus cumarsáide cuí in úsáid, is mó an seans go dtarrálfar duine ná mar ab ea tráth ar bith roimhe seo.

Is ábhar buartha don Bhord i ndáil leis na cúrsaí sin go bhfuil glaonna ‘mayday’ á ndéanamh ar fón póca in áit raidió ardmhinicíochta. Tarlaíonn deacracht maidir le teacht ar shoitheach atá i gcruachás nuair nach n-úsáidtear an trealamh cumarsáide cuí chomh maith le ceisteanna a bheith ann maidir le comhartha sách láidir i gceantair éagsúla.

Maidir le hábhar de chineál eile, d’fhoilsigh an Bord an tuarascáil ar an Rambler 100 iompú ar a béal fúithe i rith Rás Charraig Aonair Rolex agus is cúis áthais a thabhairt faoi deara go bhfuil glactha leis an gcuid is mó de mholtaí na tuarascála ag ISAF, an Chónaidhm Seoltóireachta Idirnáisiúnta, agus iad éigeantach anois i ndáil le rásaí luamhanna aonchabhail d’Aicme 1 amach ón gcósta.

## Bearta Imscrúdúcháin Seachtracha maidir le Taismí

Painéal an Bhoird d’imscrúdaitheoirí seachtracha a rinne na bearta imscrúdúcháin ar fad maidir le taismí. Daoine a bhfuil cáilíochtaí teicniúla acu mar ailtirí muirí, innealtóirí muirí nó mar oifigigh léibhinn atá ar an bpainéal agus tá réimse leathan cumais agus saineolais ar chúrsaí mara i gceist leo.

## Tuarascálacha a foilsíodh i rith na bliana 2012

D'fhoilsigh an Bord 14 Tuarascáil Chríochnúil i rith na bliana 2012 a dtugtar sonraí iomlána ina leith ó leathanach 11 go dtí leathanach 14.

## Teagmhais na bliana 2012

Thionscain an Bord bearta imscrúdúcháin i ndáil le 17 teagmhas i rith na bliana 2012, luaitear sonraí achoimre ina leith sa tábla thíos. Leagtar amach sonraí iomlána faoi na heachtraí go léir ó leathanach 11 go dtí leathanach 14 thíos. Bhain 7 gcinn de na heachtraí le hearnáil an chaitheamh aimsire agus 6 cinn le tionscal na hiascaireachta. Tharla 3 eachtra a bhain le soithigh paisinéirí agus ceann amháin i ndáil le soitheach lastais.

Ba mhaith leis an mBord comhbhrón a dhéanamh le gach duine ar mhéala dóibh na heachtraí seo.

| Earnáil | Teagmhais | Dul faoi | Bás | Gortú |
|---|---|---|---|---|
| Iascach | 6 | 4 | 9 | 2 |
| Lastas Ginearálta | 1 | NÁID | NÁID | NÁID |
| Áineas | 7 | NÁID | 5 | 2 |
| Paisinéirí | 3 | NÁID | 1 | NÁID |
| **Iomlán** | **17** | **3** | **15** | **4** |

### Báid Iascaigh

Tharla 6 eachtra a raibh baint acu le báid iascaigh agus bhain bás daoine leis an gcuid is mó de na heachtraí sin.

- Bádh cúigear den chriú nuair a chuaigh an bád ina raibh siad go tóin farraige in aige le Cuan Dor, Co. Chorcaí i mí Eanáir 2012.
- Tharla gortú mór do dhuine de chriú báid a ndeachaigh a chos i bhfastó sa seafta liáin in aice le Ceann Iorrais i mí Aibreán 2012.
- Fuair beirt iascairí bás nuair a chuaigh an soitheach ina raibh siad faoin uisce amach ó Rinn na Spáinneach, Co. an Chláir ar an 13 Lúnasa 2012.
- Thángthas ar chorp iascaire a d'imigh as currach amach ó Chliara an 14 Lúnasa 2012. Chuir duine muintearach leis an scéal amach nuair nár tháinig sé abhaile an tráth a bhí ceaptha aige.
- Chuaigh bád iascaigh trí thine agus go grinneall in aice leis an Dún Mór Thoir, Co. Phort Láirge i mí na Samhna 2012.

### Báid Áineasa

Tharla seacht gcinn de theagmhais maidir le hárthaigh áineasa agus an bás de thoradh ar cúig cinn acu sin.

- Fuair fear bás nuair a d'iompaigh an punta ina raibh sé ag béal Chalafort Dhún Dealgan i mí Feabhra 2012.
- Cuireadh fear san uisce nuair a bhuail maidhm faoin mbád ina raibh sé agus bádh é i Loch Coirib i mí Márta 2012.
- Chaill fear leathlámh nuair a scuabadh amach as BRI é i gCuan Chorcaí i mí Meitheamh 2012.
- Bhuail BRI ar Loch Rí faoi dhroichead iarnróid i mí Iúil 2012, gortaíodh duine amháin sa cheann.
- Fuarthas corp fir i Loch Deirgeirt tar éis don bhád innill a raibh sé inti bualadh faoi charraigreacha agus iompú ar a béal fúithi i mí Lúnasa 2012.
- D'iompaigh dingí seoltóireachta ar a béal fúithi sa Ribhéar gur caitheadh beirt i bhfarraige, thug duine acu slán é féin sa snámh agus bádh an dara fear.
- Bádh fear i mBaile Chaisleáin Bhéarra nuair a d'iompaigh a bhád ar a béal fúithi i mí Lúnasa 2012.

### Longa Lastais

- Chuaigh long cheannaíochta ar charraig atá marcáilte ar na cairteanna, an Pierre au Vraic, in aice le calafort Alderney i mí Meán Fómhair 2012.

### Báid Paisinéirí

- Tharla gortú sa cheann, ba shiocair báis dó ina dhiaidh sin, d'fhear foirne nuair a thit sé síos an staighre ar bhád paisinéirí i gCuan Chill Rónáin, Inis Mór i mí Iúil 2012.
- Bhí bád paisinéirí ag Sceilg Mhichíl a thosaigh ag ligean uisce isteach mar gheall ar mhaidhmeanna 15 tr. ar airde i mí Meitheamh 2012.
- Bhuail bád farantóireachta paisinéirí faoi bhád eile den chineál céanna nuair a bhíothas ag iarraidh feistiú lena taobh i gCalafort Ros Láir i mí Deireadh Fómhair 2012.

Tugtar táblaí mionsonraithe faoi eachtraí a tharla i rith na mblianta ó 2003 go dtí 2012 ar leathanach 16 sa tuarascáil seo. Tugtar achoimre maidir leis na heachtraí ar fad a tharla i rith na mblianta sin sa tábla thíos.

| Earnáil | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cásanna Báis | 12 | 14 | 8 | 10 | 17 | 9 | 6 | 18 | 7 | 15 |
| Cásanna Gortaithe | 2 | 2 | 0 | 0 | 2 | Náid | Náid | 2 | Náid | 4 |
| Líon na nÁrthach | 18 | 17 | 11 | 12 | 20* | 10 | 6 | 18 | 12** | 18 |

*Fágtar as an áireamh leis an bhfigiúr seo teagmhas ag Geallta Dhún sa bhliain 2007 a raibh 115 soitheach beag, báidíní beaga dingí agus BRI san áireamh, i gceist leis
** Fágtar as an áireamh leis an bhfigiúr seo teagmhas ag Ceann Chlochair sa bhliain 2011 a raibh cuid mhór cadhaiceanna agus leanaí i gceist leis

### Cúrsaí Airgeadais

I rith na bliana airgeadais dár críoch an 31 Nollaig 2012, bhí easnamh oibriúcháin €36,441 i gceist don Bhord a d'fhág easnamh carnach cothrom le €6,642 i ndáil leis an tréimhse 2002-2012. Leagtar amach thíos, ó leathanach 19 amach, ráitis airgeadais a bhfuil iniúchadh iomlán déanta orthu.

### Eitic in Oifigí Poiblí

Bhí forálacha agus coinníollacha uile na nAchtanna Eitice agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 á gcomhlíonadh i rith na bliana 2012 ag comhaltaí uile an Bhoird.

### Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le mo chuid comhghleacaithe ar fad sa Bhord as an dúthracht leanúnach i rith na bliana 2012 arb é bun agus barr an rath atá ar an mBord é.


Ba mhaith liom go háirithe an obair a rinne John O'Donnell agus Sinéad Brett i rith na bliana 2012 a admháil ar éirí as oifig mar Chathaoirleach agus mar Chomhalta Boird faoi seach dóibh. Ba é John O'Donnell Cathaoirleach an Bhoird ó thráth a bhunaithe agus b'eisean a chinntigh i gcomhar leis an mBord gur tharla bunú BITM chomh héasca agus ab fhéidir agus gur cuireadh gnáis chuimsitheacha oibre ar bun maidir le ról imscrúdúcháin BITM. Bhí Sinéad Brett ina comhalta boird freisin ó thráth bunaithe an Bhoird. Is rímhór againn a gcuid dúthrachta agus a gcuid gairmiúlachta i rith a dtréimhse oifige agus an t-am a chaith siad le hobair BITM le deich mbliana anuas.

Cé gurb í obair na bliana 2012 atá faoi chaibidil sa tuarascáil seo, is i rith na bliana 2013 a chuirtear faoi bhráid í agus ba mhaith linn, tráth a scríofa, buíochas a ghlacadh freisin le Thomas Power a d'éirigh as oifig mar Leas-Chathaoirleach i mí Meitheamh 2013 agus a bhfuil cion mór tairbhe déanta aige don Bhord ó thráth a bhunaithe.

Tá obair lucht na Rúnaíochta le tréaslú leo chomh maith. Murach a gcuid scileanna agus taithí, ní thiocfadh leis an mBord feidhmiú. Ba mhaith liom, thar ceann an Bhoird, buíochas a ghlacadh leo as an dícheall agus an díograis i dtimpeallacht oibre dúshlánach ar bheagán acmhainní. Ba mhaith liom go háirithe buíochas a ghlacadh le Helen Conway atá imithe i mbun dualgais eile. Fearaimid fáilte roimh Margaret Bell, Assumpta Dowd agus Anthony Bates a tháinig isteach leis an Rúnaíocht i rith na bliana. Tá Margaret tagtha in ionad Helen ina Rúnaí agus is mór againn an chabhair agus an cúnamh a thugann sí.


Níorbh fhéidir aon chuid den obair a dhéanamh murach an saothar a dhéanann an painéal d'imscrúdaitheoirí críochnúla atá againn agus ba mhaith liom buíochas a chur in iúl dóibhsean as an dua a chaith siad leis na Tuarascálacha a chur ar fáil i rith na bliana.

Is mian liom, mar fhocal scoir, ár mbuíochas don Aire agus dá chuid oifigeach a lua mar gheall ar an gcúnamh a tugadh don Bhord i rith na bliana 2012.



CLIONA CASSIDY, B.L.,
CATHAOIRLEACH

# Comhaltaí an Bhoird agus Eolas Ginearálta



Cathaoirleach:
**Cliona Cassidy, B.L.**



Leas-Chathaoirleach:
**Brian Keane**



Comhalta Boird:
**Micheál Frain**



Comhalta Boird:
**Brian Hogan, Príomh- Shuirbhéir An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt**



Comhalta Boird:
**Jurgen Whyte, Príomh-Chigire maidir le hAerthionóiscí, An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí (AIAT), An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt**

| | |
|---|---|
| Rúnaí: | Margaret Bell |
| Rúnaíocht: | Assumpta Dowd<br>Anthony Bates |
| Oifig Chláraithe: | Lána Liosáin,<br>Baile Átha Cliath 2. |
| Teileafón: | 01 - 6783485 |
| Faics: | 01 - 6783493 |
| Ríomhphost: | info@mcib.ie |
| Láithreán Gréasáin: | www.mcib.ie |
| Iniúchóirí: | An tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste<br>Áras an Státchiste<br>Caisleán Bhaile Átha Cliath<br>Baile Átha Cliath 2. |

Seo a leanas roinnt eolais ghinearálta maidir leis an mBord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM).

## Bunú an Bhoird

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000.

## Feidhm an Bhoird

Is é feidhm atá le BITM imscrúdú a dhéanamh ar Thaismí Muirí, mar a shainmhínítear sin in Alt 2 den Acht. Le linn don BITM na feidhmeanna a dhéanamh, comhlíontar forálacha Chód Imscrúdú Taismí Muirí na hEagraíochta Taismí Muirí Idirnáisiúnta agus Treoir 2009/18/CE an AE a rialaíonn imscrúdú tionóiscí in earnáil an mhuiriompair. Is le I.R. Uimh. 276 de 2011 a thugtar Treoir 2009/18/CE i bhfeidhm faoi dhlí na hÉireann.

**Ciallaíonn Taisme Mhuirí eachtra nó próiseas trína gcuirtear faoi deara nó trína mbagraítear:**

(a) bás nó tromghortú duine;

(b) duine a chailleadh thar bord;

(c) caillteanas suntasach nó tráchur nó díobháil d'árthach nó do mhaoin, nó imbhualadh le hárthach nó le maoin; nó

(d) díobháil shuntasach don chomhshaol,

i ndáil le hoibriúchán:

(i) árthach in uiscí na hÉireann;

(ii) árthach atá cláraithe in Éirinn, in uiscí in áit ar bith; nó

(iii) árthach a bhíonn suite nó feistithe de ghnáth in uiscí na hÉireann agus atá faoi stiúir duine is cónaitheoir den Stát, in uiscí idirnáisiúnta atá tadhlach le huiscí na hÉireann.

**Is é an cuspóir atá le gach imscrúdú:**

1. Cúis nó cúiseanna taisme mhuirí a dhéanamh amach.
2. An taisme mhuirí a thuairisciú d'fhonn moltaí a dhéanamh maidir le conas a macasamhail de thaisme mhuirí a sheachaint.

***Is den tábhacht go dtugtar chun aire NACH é a bhíonn de chuspóir le beart imscrúdúcháin locht ná milleán a leagan ar dhuine faoi leith. Ní dhéanann an Bord ionchúiseamh. Aon ionchúiseamh a tharlaíonn de bharr taisme is feidhm sin a bhaineann le Comhlachtaí Reachtúla, i.e. An Garda Síochána, etc.***

## Stádas

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an BITM arna mhaoiniú ag an Oireachtas faoi Alt 19 den Acht.

Cuirtear cóip den tuarascáil chríochnúil maidir le gach beart imscrúdúcháin faoi bhráid an Aire d'fhonn na moltaí a dhéantar ann a bhreithniú. Cuirtear na tuarascálacha uile ar fáil don phobal (ar a n-iarraidh) saor ó tháille nó is féidir iad a fháil de láithreán gréasáin BITM ag www.mcib.ie.

# Bearta Imscrúdúcháin & Tuarascálacha
2012

M
Marine Casual
*Bord Imsc*

Tréimhse Tuairiscíochta: 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2012

# Réamhrá

Ó bunaíodh an Bord sa bhliain 2002 go dtí deireadh na bliana 2012, tá tuarascálacha foilsithe ag an mBord faoi aon chéad seasca agus a naoi cás.

Léirítear leis na staitisticí sa Tuarascáil seo na cineálacha éagsúla soitheach a bhí i gceist agus na cúiseanna a bhí le gach teagmhas, agus tugtar léargas don léitheoir ar scóip agus ar chineál obair an Bhoird. Go dtí seo, coinnníodh na formáidí tuairiscíochta i bhfoirm sheasmhach ionas gur féidir comórtas a dhéanamh le teagmhais agus tuarascálacha na mblianta atá caite. Ba ghá, áfach, mar gheall ar reachtaíocht nua de chuid an Aontais Eorpaigh1 a tháinig i bhfeidhm anuraidh athruithe áirithe a oibriú ar an bhformáid sin agus tá sin tugtha san áireamh leis na tuarascálacha.

Foilsítear na tuarascálacha uile ar láithreán gréasáin an Bhoird, www.mcib.ie, agus bíonn líon teoranta cóipeanna ar fáil i bhfoirm phriontáilte ach iarratas a sheoladh chuig an Rúnaíocht.

[1] Treoir 2009/18/CE lena mbunaítear na bunphrionsabail a rialaíonn imscrúdú ar thionóiscí in earnáil an mhuiriompair agus lena leasaítear Treoir 1999/35/CE agus Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle – Arna thabhairt i bhfeidhm faoi Dhlí na hÉireann le I.R. Uimh. 276 den bhliain 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Loingeas Ceannaíochta)(Imscrúdú ar Thionóiscí) 2011.

# Achoimre maidir le hEachtraí a Tharla i rith na bliana 2012

An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2012

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | DÁTA AN TEAGMHAIS | CINEÁL AN ÁRTHAIGH | CINEÁL AN TEAGMHAIS | ACHOIMRE | LÍON A FUAIR BÁS |
|---|---|---|---|---|---|
| **F/V Tit Bonhomme** | 15 Eanáir 2012 | Soitheach Iascaigh 15- 24m | Dul go tóin | Chuaigh an soitheach ar na carraigreachaí agus go grinneall in aice le Cuan Dor, Co. Chorcaí. Seisear foirne ar bord. | 5 |
| **Punta gan ainm** | 12 Feabhra 2012 | Árthach Áineasa - bád oscailte | Iompú Béal Fúithi | Chuaigh fear i bhfarraige nuair a d'iompaigh an punta ina raibh sé béal fúithi i mbéal Chalafort Dhún Dealgan. | 1 |
| **Anglers Fancy** | 19 Márta 2012 | Árthach Áineasa - bád oscailte | Fear i bhfarraige | Caitheadh fear amach as a bhád ar Loch Coirib nuair a bhuail maidhm faoi, chuaigh a chomrádaí san uisce ag iarraidh é a thabhairt slán. | 1 |
| **James Collins** | 20 Aibreán 2012 | Soitheach Iascaigh <15m | Gortú d'fhearfoirne | Tharla gortú tromchúiseach do dhuine den fhoireann nuair a chuaigh a chos i bhfastó i seafta an liáin. | 0 |
| **Currach gan ainm** | 23 Aibreán 2012 | Árthach Áineasa - bád oscailte | Bá | Chonacthas fear den uair deiridh ag dul ag seiceáil a chuid potaí gliomaigh. Chonacthas an churrach an lá dár gcionn in aice le hÁrainn, thángthas ar a chorp in aice le hOileán Mhic Dara. | 1 |
| **BRI Cuan Chorcaí** | 9 Meitheamh 2012 | Árthach Áineasa - BRI | Tromghortú | Chaill fear leathlámh tar éis dó titim amach as bád righin inséidte i gCuan Chorcaí. | 0 |
| **Ceol na Farraige** | 1 Iúil 2012 | Bád Paisinéirí Éireannach | Gortú Marfach | Thit fear foirne 73 bliana d'aois síos staighre agus d'fhulaing gortú marfach sa cheann. | 1 |
| **Loch Rí BRI** | 14 Iúil 2012 | Árthach Áineasa BRI | Imbhualadh | Bhuail BRI faoi dhroichead iarnróid trasna na Sionainne, ceathrar ar bord, tharla gortú sa cheann do dhuine amháin. | 0 |
| **Flying Horse** | 29 Meitheamh 2012 | Bád Paisinéirí Éireannach | Ligean isteach uisce | D'fhág maidhmeanna 15tr. go raibh uisce á ligean isteach, iompaíodh thart agus iarradh cúnamh. | 0 |
| **Bád innill gan ainm** | 2 Lúnasa 2012 | Árthach Áineasa -Bád innill mear | Iompú Béal Fúithi | Thángthas ar chorp fir tar éis dá bhád innill bualadh faoi charraigreacha agus iompú ar a béal fúithi. | 1 |
| **Dingí gan ainm** | 13 Lúnasa 2012 | Árthach Áineasa - Seol | Iompú Béal Fúithi | Caitheadh beirt in uisce nuair a d'iompaigh dingí ar a béal fúithi. Tháinig duine slán sa snámh, fuarthas corp an dara duine níos deireanaí. | 1 |
| **FV Lady Eileen** | 13 Lúnasa 2012 | Soitheach Iascaigh <15m | Dul go tóin | Fuair beirt iascairí bás nuair a chuaigh an soitheach ina raibh siad go grinneall amach ó Rinn na Spáinneach, Co. an Chláir. | 2 |
| **Gurteen Lass** | 14 Lúnasa 2012 | Soitheach Iascaigh <15m | Dul go tóin | Thángthas ar chorp iascaire amach ó Chliara, chuir duine gaolmhar leis fógra amach nuair nár tháinig sé ar ais an t-am a bhí ceaptha. | 1 |
| **Soitheach gan ainm** | 17 Lúnasa 2012 | Árthach Áineasa 17tr oscailte | Iompú Béal Fúithi | Thángthas ar chorp fir nuair a chonacthas an soitheach ina raibh sé iompaithe ar a béal fúithi. | 1 |

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | DÁTA AN TEAGMHAIS | CINEÁL AN ÁRTHAIGH | CINEÁL AN TEAGMHAIS | ACHOIMRE | LÍON A FUAIR BÁS |
|---|---|---|---|---|---|
| **M/V Heulin Dispatch** | 21 Meán Fómhair 2012 | Long Lasta Ginearálta | Dul ar an talamh | Chuaigh soitheach ceannaíochta ar an talamh ar Pierre au Vraic, soir ó dheas ó Chalafort Alderney ar Oileán Alderney. | 0 |
| **Stena Europe & Oscar Wilde** | 26 Deireadh Fómhair 2012 | Long Paisinéirí Idirnáisiúnta | Imbhualadh | Bhuail an Stena Europe faoin Oscar Wilde le linn iarracht teacht le céibh lena taobh san Europort, Ros Láir. | 0 |
| **F/V Kingfisher** | 25 Samhain 2012 | Soitheach Iascaigh <15m | Dóiteán & Dul go tóin | Chuaigh an F/V Kingfisher trí thine agus go grinneall amach ón Dún Mór Thoir, Co Phort Láirge. | 0 |

# Achoimre maidir le Tuarascálacha a Foilsíodh sa bhliain 2012

An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2012

| AINM AN tSOITHIGH NÓ AN TEAGMHAIS | DÁTA FOILSITHE | CINEÁL AN ÁRTHAIGH | CINEÁL AN TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/ BÁS | CÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceann Heilbhic** | 8 Feabhra 2012 | Árthach Áineasa - BRI | Fear i bhfarraige | D'fhág beirt fhear Céibh Heilbhic in BRI chun dul ag iascaireacht slaite gar do Cheann Heilbhic. Fógraíodh an t-aláram nuair a chonacthas an BRI ag imeacht le sruth agus í folamh le fear amháin san uisce in aice láimhe. Cailleadh an bheirt fhear amach as an mbád. | 2 | Níorbh fhéidir a dheimhniú conas a chuaigh an bheirt i bhfarraige. Ní raibh PDF á chaitheamh ag ceachtar acu agus ní raibh trealamh sábháilteachta leordhóthanach ar an BRI. Ní raibh an "ruóg múchta" ar an inneall i gcaoi oibre. |
| **Pantanal** | 24 Feabhra 2012 | Long Lastais - Trom Crann Crochta | Dul ar an talamh | An 31 Márta 2011 thosaigh an soitheach, a bhí ar ancaire i gCuan Chasla, ag tarraingt an ancaire. Chuaigh an soitheach ar an talamh ar an taobh Thoir Thuaidh den Chuan. Níor maraíodh aon duine ach rinneadh damáiste mór don soitheach. | 0 | Gnás oibre nach leordhóthanach i mbun an soitheach a chur ar ancaire ba chúis lei an teagmhas seo. |
| **Claire Buoyant** | 8 Márta 2012 | Long Lastais - Long Lastais Ginearálta (Éireannach) | Ligean isteach uisce | D'fhág an MV "Claire Buoyant" Beiginis, Co. Chiarraí le duine amháin foirne, cúigear paisinéirí agus lucht aon chaora is fiche ar bord. Chuaigh an soitheach i gcruachás agus thosaigh ag ligean isteach uisce. Cuireadh fógra Mayday amach ar Chainéal VHF 16. Tháinig báid de chuid na háite i gcabhair ar an gcriú agus ar na paisinéirí, níor gortaíodh aon duine acu. Cuireadh na caoirigh ar fad i bhfarraige agus tugadh ocht gcaora dhéag slán ina dhiaidh sin. | 0 | Bhí an soitheach luchtaithe go mór nuair a rinne uisce an bealach isteach ionas go raibh sí á bá agus míthionchar mór aige sin arís ar an leibhéal snámhachta agus seasmhachta. |

| AINM AN tSOITHIGH NÓ AN TEAGMHAIS | DÁTA FOILSITHE | CINEÁL AN ÁRTHAIGH | CINEÁL AN TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/ BÁS | CÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Lady Linda** | 8 Márta 2012 | Soitheach Iascaigh <15m | Iompú Béal Fúithi | Chuaigh an bád oscailte FV "Lady Linda" ar iarraidh amach ó chalafort na Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath le beirt de chriú ar bord. Fuarthas an t-árthach ar a béal fúithi an mhaidin dár gcionn. Ní raibh ceachtar den bheirt foirneoirí leis an mbád. | 2 | Ní raibh finnéithe ar bith a chonaic an eachtra. D'fhéadfadh gur cúrsaí aimsire nó airde maidhmeanna ba chúis leis nó trealamh bogadh thart nó trelamh imeacht ó mhaith. Ní bhfuarthas gaireas snámhachta pearsanta (PFD) ar cheachtar den bheirt. |
| **Castaway** | 25 Aibreán 2012 | Árthach Áineasa -Inneall | Dóiteán | Bhí ceathrar ar thuras iascaireachta amach ó Bhaile Chaisleáin Bhéarra in iarthar Chorcaí, nuair a thosaigh an bád ag ligean uisce isteach go tobann agus gan aon ní a d'fhéadfaí a dhéanamh ina choinne. Tharla dóiteán leictreachais gairid ina dhiaidh sin. Bhí ar an gceathrar ar bord an bád a fhágáil. Báitheadh triúr acu ina dhiaidh sin. | 3 | Meastar go raibh córas leictreachais an árthaigh díreach sular tharla an eachtra i ndroch-chaoi go ginearálta agus nach raibh sé sábháilte. Le himeacht aimsire d'fhág drochnósanna maidir leis an gcóras leictreachais agus leasú neamhghnách a dhéanamh ar an gcóras go raibh i ndán gur chontúirt é ar go leor bealaí ionas gurbh fhurasta a tharlódh ró-ualach, gearrchiorcad agus talmhúchán gan smacht. |
| **Na Buachaillí** | 19 Iúil 2012 | Soitheach Iascaigh <15m | Iompú Béal Fúithi agus dul go tóin | Le linn bheith ag lorg diúilicíní gar don chladach i Inbhear Phort Láirge, d'iompaigh MFV "Na Buachaillí" ar a béal fúithi agus chuaigh sí síos. Tháinig an Captaen slán ón ngeábh ach cailleadh an fear foirne. | 1 | Bhí roinnt tosca leis an mbád iompú ar a béal fúithi. Cúrsaí gaoithe agus taoide, imeacht breosla idir na humair bhreosla agus meáchan agus ionad na ndiúilicíní a tugadh ar bord. Ní raibh PFD á chaitheamh ag ceachtar den bheirt. |
| **Arklow Raider** | 17 Meán Fómhair 2012 | Long Lasta - Long Lasta Ginearálta | Dul ar an talamh | As Calafort Dhroichead Átha a d'fhág an "Arklow Raider". De réir mar a bhí an soitheach ag dul thar an mbarra ag béal na Bóinne, chuaigh sí ar an talamh agus d'fhan sí ann. Cuireadh an soitheach ar snámh arís agus rinneadh seiceáil ar snámh di agus tarraingíodh go Baile Átha Cliath í lena deisiú. | 0 | Tharla an eachtra seo mar gheall ar easpa pleanála maidir leis an mbealach farraige. |

| AINM AN tSOITHIGH NÓ AN TEAGMHAIS | DÁTA FOILSITHE | CINEÁL AN ÁRTHAIGH | CINEÁL AN TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/ BÁS | CÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceann Chlochair** | 17 Meán Fómhair 2012 | Canú | Iompú Béal Fúithi | Tháinig grúpa leanaí scoile ag an Neptune Outdoor Centre i gCeann Chlochair le haghaidh lá spóirt eachtraíochta. Thug aon teagascóir amháin grúpa seachtar cailíní amach i gcadhaiceanna. Le hoibriú na farraige, iompaíodh na cadhaiceanna ar fad ar a mbéal fúthu. Sábháladh an grúpa ina dhiaidh sin agus tugadh i dtír iad i bPort Oirialla. | 0 | Ní raibh bád taca ar bith, mar shampla BRI, ar fáil ag an ionad agus nuair nach raibh níorbh leor an aon teagascóir amháin don líon sin daltaí. Ní raibh eolas ar rabhadh maidir le gálaí agus contúirt do shoithigh beaga a chuir Met Éireann amach an lá ar tharla an eachtra nó ní raibh aird orthu. |
| **Rambler 100** | 31 Deireadh Fómhair 2012 | Bád Áineasa - Seol | Iompú Béal Fúithi | Le linn don luamh 'Rambler 100' páirt a ghlacadh i Rás Charraig Aonair Rolex, tráthnóna Dé Luain, an 15 Lúnasa 2011, rinne sí síneadh tobann faoin ngaoth (ar deasbhord). Choinnigh sí uirthi ag síneadh gur theagmhaigh an crann agus na seolta leis an uisce. Tar éis moilliú beag, d'iompaigh an bád gur stop ar a béal fúithi. | 0 | Bhí toradh tobann tubaisteach ar neamhfheidhm na cíle gur tharla síneadh tobann agus iompú an 'Rambler 100' ina dhiaidh sin. Ní phléitear na cúiseanna le neamhfheidhm na cíle sa tuarascáil seo ó tharla go bhfuil an anailís ar ar fágadh den chíle le tabhairt chun críche go fóill agus nach bhfuil na cúiseanna leis cinntithe go fóill. |
| **F/V Amy Jane** | 19 Samhain 2012 | Soitheach Iascaigh 15-24m | Dul go tóin | Bhí bád iascaigh as Éirinn, an "Amy Jane", ag ligean uisce isteach ina bolg. Throchlaigh sí agus chuaigh faoi. Chuaigh an seisear foirne ar raft tarrthála agus tugadh slán ar bhord heileacaptair iad gan bhás ná gortú. | 0 | D'fhéadfadh gur mar gheall ar chúis acu seo a leanas an t-uisce a theacht isteach i stór na bpotaí. Scoilteadh i bplátáil an bháid faoin uisce. Scoilteadh i mbarr an umair Vivier nó sa chómainn. Laige i mbolg an umair Vivier agus cúl-líonadh mar gheall ar shú sa stór. |
| **Dingí gan ainm** | 13 Lúnasa 2012 | Árthach Áineasa - Seol | Iompú Béal Fúithi | Caitheadh beirt in uisce nuair a d'iompaigh dingí ar a béal fúithi. Tháinig duine slán sa snámh, fuarthas corp an dara duine níos deireanaí. | Iompú Béal Fúithi | 1 |

| AINM AN tSOITHIGH NÓ AN TEAGMHAIS | DÁTA FOILSITHE | CINEÁL AN ÁRTHAIGH | CINEÁL AN TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/ BÁS | CÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **MFV Mark Amay II** | 19 Samhain 2012 | Soitheach Iascaigh 15-24m | Duine i bhfarraige | Bhí na heangacha tarraingte isteach ag an 'Mark Amay II' agus bhíothas ag ullmhú lena ligean in athuair. Ar sin a dhéanamh chuaigh fear i bhfastó san eangach ar bhord na sceathraí agus scuabadh i bhfarraige é. Fuair sé bás ina dhiaidh sin. | 1 | Tarraingíodh an foirneoir amach thar dheireadh an 'Mark Amay II' leis an eangach a raibh sé ina sheasamh uirthi mar gheall ar scaoileadh an eangaigh agus an soitheach a bheith ag éirí ar an mborradh mór a bhí san fharraige. |
| **Pointe Dhún na nGall** | 20 Samhain 2012 | Árthach Áineasa - Bád Oscailte | Iompú Béal Fúithi | Fuair fear bás nuair a d'iompaigh an dingí ina raibh sé ar a béal fúithi i bhfarraige oibrithe le borradh 2.5 méadar i gcuan iniata ó thuaidh de Phointe Dhún na nGall, Cill Chaoi, Co. an Chláir. | 1 | Ní raibh gaireas snámhachta pearsanta ná tóirsí éigeandála ag an bhfear agus bhí sé gan aon mhodh cumarsáide nuair a d'iompaigh an dingí air le borradh 2.5 méadar d'oibriú i bhfarraige. |
| **Loch Coirib** | 21 Nollaig 2012 | Árthach Áineasa -bád oscailte | Duine in uisce | Chuaigh beirt fhear ag iascaireacht ar Loch Coirib. I rith an tráthnóna tháinig maidhm mhór faoin mbád agus caitheadh an bheirt fhear san uisce. Shnámh fear amháin chomh fada le hoileán, d'imigh an gaireas snámhachta pearsanta ón bhfear eile agus fuair seisean bás. | 1 | Cuireadh an bheirt fhear san uisce nuair a bhuail maidm mhór nó madhmanna móra faoin mbád a shín ar a deasbhord. D'fhéadfadh gur chuir suíochán rothlach a bheith in úsáid ag fear amháin isteach ar stiúradh agus ar sheasmhacht an bháid mar gheall ar a bheith crochta os cionn na gunaile agus suite amach i gceann an bháid. |
| **Jeanette Roberta** | 21 Nollaig 2012 | Soitheach Iascaigh <15m | Dul go tóin | Le linn don MFV "Jeanette Roberta" teacht isteach i gCuan Dor, chuaigh sí ar an talamh gur thriomaigh ar an taobh thoir theas d'Oileán Ádhaimh i mbéal an chuain. Chuaigh an soitheach go tóin go gairid ina dhiaidh sin. Níor tharla gortú d'aon duine den triúr foirne. | 0 | Is cosúil gur leis an gcóras uathphíolótachta a bhain na tosaca ba mhó maidir leis an taisme seo cé gur dhá thoisc neamhspleácha iad, i.e. an fhadhb maidir le solanóideach a 'ghreamaíonn' nuair a athraítear ón gcóras uathoibreach go dtí láimhseáil an duine agus an cás maidir le soitheach dul go tobann agus gan choinne ar mhalairt cúrsa agus imeacht i gciorcal. |

Maidir le heolas breise faoi aon cheann ar bith de na teagmhais seo, tagraítear don láithreán gréasáin www.mcib.ie.

# Sampla de na Cásanna a Foilsíodh 2012

An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2012

Is mian leis an mBord aird faoi leith a dhíriú ar na trí cinn de thuarascálacha seo a leanas a foilsíodh i rith na bliana 2012

## IOMPÚ AN LUAIMH "RAMBLER 100" AMACH Ó CHÓSTA CHORCAÍ N 15 LÚNASA 2011



Le linn don luamh *'Rambler 100'* páirt a ghlacadh i Rás Charraig Aonair Rolex, tráthnóna Dé Luain, an 15 Lúnasa 2011, tháinig sí timpeall Charraig Aonair agus bhí ag seoladh ó dheas siar ó dheas ag déanamh ar mharc Pantaenius, suite timpeall is 8nm DDI ó Charraig Aonair.

Tar éis tuairim is 20 nóiméad den ghabháil sin agus tuairim is 4nm curtha di aici, chuala a raibh ar bord torann mór agus rinne sí síneadh tobann faoin ngaoth (ar deasbhord). Choinnigh sí uirthi ag síneadh gur theagmhaigh an crann agus na seolta leis an uisce. Tar éis moilliú beag, d'iompaigh an bád gur stop ar a béal fúithi.

As 21 foirneoir, bhí aon duine dhéag ar an deic ag an am agus deichniúr faoi deic, cúigear acusan sna leapacha. D'éirigh le sé dhuine dhéag den chriú bealach a dhéanamh suas ar chabhail an bháid iompaithe, bhí cúigear i bhfarraige agus theann siad isteach lena chéile.

Ba ghearr gur tuigeadh gur scoilt eite na cíle agus go raibh cuid mhór de briste.

Chuir an Garda Cósta in Oileán Dairbhre agus bád tarrthála Dhún na Séad tús le beartaíocht cuardaigh agus tarrthála agus tugadh gach duine den aon duine dhéag is fiche sa chriú chun bealaigh, an sé dhuine dhéag a bhí ar an gcabhail i mbád tarrthála Dhún na Séad agus an cúigear a bhí i bhfarraige san *'Wave Chieftain'*. Bhí duine amháin den chriú, Ms. Wendy Touton a bhí san fharraige, a raibh hipiteirme ag gabháil di agus tógadh ise i heileacaptar R115 an Gharda Cósta gur tugadh go hOspidéal Ginearálta Thrá Lí í. Tugadh an chuid eile den chriú i dtír i nDún na Séad, Co. Chorcaí.

## CHUAIGH MV "PANTANAL" AR AN TALAMH I gCUAN CHASLA, ROS AN MHÍL AN 31 MÁRTA 2011



An 31 Márta 2011 thart ar 04.35 uaire, thosaigh an soitheach, a bhí ar ancaire i gCuan Chasla, ag tarraingt an ancaire. Faoi 04.55 uaire chuaigh an soitheach ar an talamh ar an gcuid Thoir Thuaidh den Chuan, in ionad 53° 15.7'T 009° 34.05'I. Níor maraíodh aon duine ach rinneadh damáiste mhór don soitheach.

## BHÁSAIGH BEIRT AMACH Ó CHALAFORT NA SCEIRÍ, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH, 1 AIBREÁN 2011



Tráthnóna an 1 Aibreán 2011 chuaigh an bád iascaigh oscailte cúig mhéadar an FV "Lady Linda" ar iarraidh amach ó chalafort na Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath le beirt de chriú ar bord, an tUasal Ronan Browne agus an tUasal David Gilsenan. Fuarthas an t-árthach an mhaidin dár gcionn, Dé Sathairn an 2 Aibreán, amach ó Cheann an Chlochair. Ní raibh ceachtar den bheirt chriú leis an mbád. Tosaíodh ar chuardach mórscála. Tháinig an FV D-51 *"Guiding Light"* ar an dá chorp go teagmhasach go luath ar maidin Dé Sathairn an 9 Aibreán 2011 san aon trál amháin.

# Comparáid maidir le Taismí Muirí 2003-2012


| Cineál an Árthaigh | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Longa/Báid Paisinéirí** | | | | | | | | | | |
| Ro-Ro Idirnáisiúnta | | | | | 1 B / 1 G | 1 B | | | | |
| Baile | | | 2 B | | | | 1 B | | | 1 B |
| Bád Paisinéirí | | | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán** | | | **2 B** | | **1 B / 1 G** | **1 B** | **1 B** | **Náid** | **Náid** | **1 B** |
| **Longa Lastais** | | | | | | | | | | |
| Longa Lastais Ginearálta | 1 B | | | | 1 B | | | | | |
| Ro-Ro Lasta | 1 B | | | | | | | | | |
| Tancaer | 2 B / 1 G | | | | | | | | | |
| Long Olliompair | | 1 G | | | | | | | | |
| Long Coimeádán | 1 B | | | | | | | | | |
| Long Iompair Carranna | | | | | | | | | | |
| Bád Oibre Píolóta/Báirse/ | | | | | | | | | | |
| Arthach Ardú Mórmheáchain | | | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán** | **5 B / 1 G** | **1 G** | | | **1 B** | **Náid** | **Náid** | **Náid** | **Náid** | **Náid** |
| **Báid Iascaigh** | | | | | | | | | | |
| < 15 méadar | 1 B | 1 B | 3 B | 5 B | 3 B | 2 B | | 2 B | 4 B | 4 B / 1 G |
| 15 - 24 méadar | | 4 B | | 2 B | 9 B | 1 B | | 1 B / 1 G | | 5 B / 1 G |
| > 24 méadar | 1 B | 1 B | | | | 1 B | | | 1 B | |
| **Fo-iomlán** | **2 B** | **6 B** | **3 B** | **7 B** | **12 B** | **4 B** | **Náid** | **3 B / 1 G** | **5 B** | **9 B / 2 G** |
| **Árthaigh Áineasa** | | | | | | | | | | |
| Árthais Scairdscíála | 1 B | 1 G | | 1 B | 1 B | | | | | |
| Báid Oscailte/Canúnna | 2 B | 6 B | 1 B | 2 B | 2 B | 3 B | 4 B | 8 B | 1 B | 3 B |
| Mótarbháid (Deiceáilte) | 2 B | 2 B | | | 1 G | | | 5 B / 1 G | | |
| Báid Seoil | | | 2 B | | | 1 B | 1 B | | | 1 B |
| Árthach Innill Mear/BRI | 1 G | | | | | | | 2 B | 1 B | 1 B / 2 G |
| **Fo-iomlán** | **5 B / 1 G** | **8 B / 1 G** | **3 B** | **3 B** | **3 B / 1 G** | **4 B** | **5 B** | **15 B / 1 G** | **2 B** | **5 B / 2 G** |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iomlán na dTeagmhas** | **17** | **15** | **11** | **12** | **16** | **10** | **6** | **17** | **13** | **17** |
| **Líon Iomlán a Fuair Bás (B)** | **12** | **14** | **8** | **10** | **17** | **9** | **6** | **18** | **7** | **15** |
| **Líon Iomlán a Gortaíodh (G)** | **2** | **2** | **0** | **0** | **2** | **0** | **0** | **1** | **0** | **4** |
| **Líon iomlán na nÁrthach a bhí i gceist** | **18** | **17** | **11** | **14** | **20*** | **10** | **6** | **18** | **12**** | **18** |


*Fágtar as an áireamh leis an bhfigiúr seo teagmhas ag Geallta Dhún sa bhliain 2007 a raibh 115 soitheach beag, báidíní beaga dingí agus BRI san áireamh, i gceist leis
** Fágtar as an áireamh leis an bhfigiúr seo teagmhas ag Ceann Chlochair sa bhliain 2011 a raibh cuid mhór cadhaiceanna agus leanaí i gceist leis

# Pátrúin maidir le Cásanna Báis 2003-2012


## Longa/Báid Paisinéirí





## Longa Lastais




## Báid Iascaigh




## Árthaigh Áineasa



# Ráitis Airgeadais
2012

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscíochta: An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2012

# Clár an Ábhair


| | |
|---|---|
| Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird | 21 |
| Ráiteas faoin gCóras maidir le Rialú Airgeadais | 22 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 23 |
| Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta | 25 |
| An Cuntas Ionaim & Caiteachais | 26 |
| An Clár Comhardaithe | 27 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2012 | 28 |

# Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird

Don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2012

## Freagrachtaí an Bhoird

Éilítear faoi Alt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000 go gcoinníonn an Bord, i cibé foirm a cheadaíonn an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le toiliú an Aire Airgeadais, cuntais chuí agus neamhghnáthacha ar an airgead uile a fhaigheann sé nó a chaitheann sé. Le linn don Bhord na ráitis airgeadais a ullmhú éilítear air:


1. Polasaithe cuntasaíochta cuí a roghnú agus a chur i bhfeidhm go seasta.

2. Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna.


3. A lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh le haon chaighdeáin cuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha uathu a nochtaítear agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

4. Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás nár chuí a mheas go leanfaidh an Bord i mbun feidhme.

Tá de fhreagracht ar an mBord leabhair chuí chuntais a choimeád, lena nochtaítear go réasúnta cruinn tráth ar bith an riocht airgeadais ina bhfuil an Bord agus lena gcuirtear ar chumas an Bhoird cinntiú go sásaíonn na ráitis airgeadais Alt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Bhoird a chumhdach agus as bearta réasúnta chun calaois nó mírialtacht eile a chosc agus a thabhairt chun aire.



Cliona Cassidy B.L.
Cathaoirleach
25 Meán Fómhair 2013



Margaret Bell
Rúnaí
25 Meán Fómhair 2013

# Ráiteas faoin gCóras maidir le Rialú Airgeadais

Don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2012

## Freagracht as an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach

Admhaím thar ceann an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí go bhfuil de fhreagracht orainn cinntiú go bhfuil córas éifeachtach ar bun don rialú airgeadais inmheánach agus é á chur i bhfeidhm.

Dearbhú réasúnta amháin, seachas dearbhú iomlán, is féidir a thabhairt leis an gcóras don Rialú Airgeadais inmheánach go ndéantar sócmhainní a chumhdach, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh mar is ceart, agus go ndéantar earráid nó mírialtacht ábhartha a chosc nó go dtabharfaí earráid faoi deara go tráthúil..

## Gnáis Rialaithe Príomhthábhachta

Seo a leanas na bearta maidir le rialú airgeadais a bhí i bhfeidhm i rith na bliana:


- Gach íocaíocht (cé is moite de thuarastail lucht foirne*) a údarú ag beirt ar a laghad de chomhaltaí an Bhoird.
- Gach éileamh maidir le taisteal agus cothabháil a údarú ag comhalta eile den Bhord agus a dheimhniú ionas go bhféadfadh an Rúnaíocht íoc ina leith.
- Tá Cóid maidir le hIompar Gnó ar bun do chomhaltaí an Bhoird agus don lucht foirne.
- Cuireann an Rúnaí riocht airgeadais reatha an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí in iúl don bhord ag gach cruinniú Boird.

Athraíodh le cinneadh Rialais an Roinn Rialtais a dtagann an Bord faoina coimirce ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha go dtí an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le héifeacht ón 1 Eanáir 2006. Thug an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maolú ó Alt 10 (Iniúchadh Inmheánach) den Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit faighte i mí Iúil 2011.

## Athbhreithniú Bliantúil maidir leis an Rialú

Deimhnítear nach ndearna an Bord i ndáil leis an mbliain dár críoch an 31 Nollaig 2012 athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais don rialú airgeadais inmheánach. Tá de rún ag an mBord athbhreithniú den sórt sin a dhéanamh i ndáil leis na blianta ina diaidh.

## Arna shíniú thar ceann an Bhoird



Cliona Cassidy B.L.
Cathaoirleach
25 Meán Fómhair 2013

*Nóta: Triúr ball buan foirne atá ar iasacht ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt atá i Rúnaíocht BITM.

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An Bord Imscrúdú Taismí Muirí

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Is é atá sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na polasaithe cuntasaíochta a leagtar amach iontu, an ráiteas faoi pholasaithe cuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe agus na nótaí a ghabhann leo. Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm sin a leagtar síos faoi Alt 20 den Acht, agus i gcomhréir leis an ngnás cuntasaíochta a bhfuil glacadh go ginearálta leis in Éirinn.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú, as cinntiú go dtugtar léargas cruinn cothrom iontu ar riocht ghnóthaí an Bhoird agus arn an ioncam agus ar an gcaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é atá de fhreagracht orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuarascáil a thabhairt orthu i gcomhréir leis an dlí infheidhme.

Déantar an t-iniúchadh faoi threoir na dtosca speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit i dtaca lena riar agus lena n-oibriú.

Déantar an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir na gCaighdeáin Eitice d’Iniúchóirí atá leagtha síos ag Bord na gCleachtas Iniúchóireachta.

## Scóip na hIniúchóireachta ar na Ráitis Airgeadais

Is é a bhaineann le hiniúchadh fianaise a fháil maidir leis na suimeanna agus nithe eile a nochtaítear sna ráitis airgeadais, atá leordhóthanach chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó earráid ba chúis lena leithéid. Tagann san áireamh leis sin,

- measúnú cibé an bhfuil nó nach bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach d’imthosca an Bhoird agus cibé an ndearnadh nó nach ndearnadh iad a chur i bhfeidhm go seasta agus a nochtadh go leordhóthanach
- measúnú ar a réasúnta agus atá na meastacháin shuntasacha cuntasaíochta a rinneadh le linn na ráitis airgeadais a ullmhú, agus
- measúnú ar chur i láthair na ráiteas airgeadais tríd is tríd.

Féachtar freisin agus an t-iniúchadh á dhéanamh le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Ina theannta sin, léitear tuarascáil bhliantúil an Bhoird d’fhonn neamhréir ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a thabhairt faoi deara. Sa chás go dtugtar faoi deara aon ní a cheapfaí a bheith ina mhíráiteas nó neamhréir ábhartha, déanaim na himpleachtaí maidir le mo thuarascáil a thabhairt faoi mheas.

## Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

Tá mé den tuairim go dtugann na ráitis airgeadais, arna n-ullmhú de réir an ghnáthchleachtais cuntasaíochta a bhfuil glacadh go ginearálta leis in Éirinn, léargas cruinn cóir ar an riocht ina raibh gnóthaí an Bhoird an 31 Nollaig 2012 agus ar an ioncam agus ar an gcaiteachas i leith na bliana 2012.

Tá mé den tuairim go raibh leabhair chuí chuntais á gcoimeád ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntai.

## Cúrsaí a dtuairiscím le hEisceacht mar gheall orthu

Tugaim tuairisc trí eisceacht sa chás

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a raibh gá agam leo don iniúchóireacht, nó
- gur tugadh faoi deara le linn na hiniúchóireachta aon teagmhas ábhartha nár cuireadh airgead chun na críocha a bhí ceaptha lena aghaidh nó nach raibh na hidirbhearta ag teacht leis an údarás trínar rialaíodh iad, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúile an Bhoird ag teacht lei na ráitis airgeadais lena mbaineann, nó
- nach léiríonn an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais go bhfuil an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh, nó
- go bhfaighim amach go bhfuil nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach inar seoladh an gnó poiblí.

*Athbhreithniú bliantúil ar an gcóras don rialú airgeadais inmheánach*

Dírím aird ar an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais ina léirítear nach ndearna na Bord an t-athbhreithniú bliantúil don bhliain faoi chaibidil maidir le héifeachtúlacht an chórais don rialú airgeadais inmheánach ar an gcaoi a éilítear faoin gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Níl aon ní le tuairisciú agam i ndáil leis na nithe eile ar le heisceacht a dhéantar an tuairiscíocht ina leith.

Patricia Sheehan
Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
30 Meán Fómhair 2013

# Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta

Don Bhliain dár Críoch an 31 Nollaig 2012

## 1. Ginearálta

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí), 2000. Chuaigh an Bord i mbun feidhme den chéad uair an 5 Meitheamh 2002. Bunaíodh go foirmeálta é an 25 Márta 2003. Déanann an Bord imscrúdú neamhspleách ar thaismí muirí in Éirinn agus foilsítear tuarascálacha ar na bearta imscrúdúcháin.

## 2. Bunús na Cuntasaíochta

Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san foirm a cheadaigh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le toiliú an Aire Airgeadais, faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí), 2000. Déantar na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn fabhruithe cé is moite dá luaitear thíos agus i gcomhréir leis an ngnás cuntasaíochta a bhfuil glactha go forleathan leis. Glactar leis na Caighdeáin Tuairiscíochta Airgeadais, arna moladh ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

## 3. Tréimhe na Ráiteas Airgeadais

Baineann na Ráitis Airgeadais leis an tréimhse 12 mí anuas go dtí an 31 Nollaig 2012.

## 4. Deontais Oireachtais

Is ionann an t-ioncam ó Dheontais Oireachtais agus na fáltais airgid iarbhír i rith na bliana ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus íocaíochtaí a rinne an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i rith na bliana thar ceann fhoireann an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí*.

## 5. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Luaitear Sócmhainní Seasta de réir an chostais. Déantar foráil do dhímheas ar bhonn an mhéid chothroim mar seo a leanas: Trealamh Oifige: 5 bhliana.

## 6. An Cuntas Caipitil

Is ionann an cuntas caipitil agus luach neamhamúchta an ioncaim a úsáidtear chun críocha caipitil.

## 7. Aoisliúntas

Tagann lucht foirne Roinne* a bhíonn ar iasacht chun feidhmiú mar Rúnaíocht ag BITM faoi scáth shocruithe pinsin na Roinne lena mbaineann.

*Nóta: Triúr ball buan foirne atá ar iasacht ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt atá i Rúnaíocht BITM.

# An Cuntas Ioncaim & Caiteachais 2012

An Bhliain dár Críoch an 31 Nollaig 2012

| | Nótaí | An Bhliain dár Críoch 31 NOL 2012 € | An Bhliain dár ENDED 31 NOL 2011 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Oireachtais | | 141,322 | 196,798 |
| Aistriú ón gCuntas Caipitil | | - | - |
| | | 141,322 | 196,798 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail na Foirne | | 80,764 | 65,489 |
| Táillí Chomhaltaí an Bhoird | 6 | 17,776 | 18,221 |
| Priontáil, Postas agus Stáiseanóireacht | | 22,114 | 21,241 |
| Fógraíocht | | 2,675 | 620 |
| Costais maidir le Bearta Imscrúdúcháin ar Thaismí | 4 | 44,070 | 50,901 |
| Taisteal & Cothabháil – Comhaltaí an Bhoird | 7 | 3,521 | 3,122 |
| Taisteal & Cothabháil – Eile | | - | 506 |
| Táillí Dlí & Gairmiúla | | - | 3,398 |
| Cuntasaíocht | | 2,091 | 4,828 |
| Táillí Iniúchóirechta | | 2,500 | 2,500 |
| Táillí Bainc | | 68 | 64 |
| Dímheas | 1 | - | - |
| Costais Ilghnéitheacha | | 2,183 | 105 |
| | | 177,763 | 170,995 |
| (Easnamh) / Farasbarr don Bhliain | | (36,441) | 25,803 |
| Barrachas/(Easnamh) Fabhraithe 1 Eanáir | | 29,799 | 3,996 |
| Barrachas/(Easnamh) Fabhraithe 31 Nollaig | | (6,642) | 29,799 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus na nótaí 1 go dtí 13.

Cliona Cassidy B.L.
Cathaoirleach
25 Meán Fómhair 2013

Margaret Bell
Rúnaí
25 Meán Fómhair 2013

# An Clár Comhardaithe 2012

Mar a bhí an 31 Nollaig 2012

| | Nótaí | 31 NOL 2012<br>€ | An Bhliain dár ENDED<br>31 NOL 2011<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 1 | - | - |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | | - | 227 |
| Airgead Tirim sa Bhanc agus ar Lámh | 2 | 15,838 | 58,349 |
| | | 15,838 | 58,576 |
| **Creidiúnaithe** – suimeanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin | | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 3 | (22,480) | (28,777) |
| **Sócmhainní/(Dliteanais) Reatha Glan** | | (6,642) | 29,799 |
| **Iomlán Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha** | | (6,642) | 29,799 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | |
| Cuntas Caipitil | | - | - |
| Cuntas Ioncaim & Caiteachais Barrachas/(Easnamh) | | (6,642) | 29,799 |
| | | (6,642) | 29,799 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus na nótaí 1 go dtí 13.

Cliona Cassidy B.L.
Cathaoirleach
25 Meán Fómhair 2013

Margaret Bell
Rúnaí
25 Meán Fómhair 2013

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Nóta 1. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe – Trealamh Oifige** | € | € |
| **Costas** | | |
| Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir | | 3,884 |
| Breis | 3,884 | - |
| Diúscairt | - (3,884) | - |
| Iarmhéid deiridh ag ceann na tréimhse | - | 3,884 |
| **Dímheas** | | |
| Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir | 3,884 | 3,884 |
| Diúscairt | (3,884) | - |
| Muirear don Tréimhse | - | - |
| Iarmhéid deiridh ag ceann na tréimhse | - | 3,884 |
| **Glanluach Leabhair** | | |
| Ag ceann na tréimhse | - | - |
| **Nóta 2. Airgead Tirim sa Bhanc agus ar Láimh** | | |
| Cuntas Reatha | 15,838 | 58,349 |
| **Nóta 3. Creidiúnaithe - Suimeanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin** | | |
| Costais Fabhraithe | 22,480 | 28,777 |

### Nóta 4. Costas Imscrúdúcháin maidir le Taismí

Tugadh próiseas tairiscintí chun críche i rith na bliana 2010 chun painéal imscrúdaitheoirí a chur le chéile – tá scála táillí aontaithe maidir le gach beart imscrúdúcháin a thabhairt chun críche. Anuas go dtí an bhliain 2010 ní íoctaí táillí ar bith i ndáil le himscrúdú ar thaismí muirí a rinne Oifig Suirbhéireachta Muirí na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

I rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2012, thug an Bord 14 beart imscrúdúcháin chun críche agus foilsíodh tuarascáil maidir le gach beart imscrúdúcháin díobh sin.

Ar an 31 Nollaig 2012, bhí 17 beart imscrúdúcháin ar siúl nach raibh tugtha chun críche go fóill. Is é costas ionchais maidir leis an obair sin €81,650.

### Nóta 5. Fostaithe agus Aoisliúntas

Tá Rúnaíocht bhuan lena mbaineann triúr lucht foirne á chur ar fáil ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Aisíocadh costais foirne leis an Roinn as leithroinnt deontais an Bhoird. Bhí triúr fostaithe ag an mBord ag deireadh na bliana 2012 agus beirt fhostaithe ag deireadh na bliana 2011.

### Nóta 6. Táillí Chomhaltaí an Bhoird

Bhí táillí €17,776 in iomláine le híoc le triúr comhaltaí seachtracha an Bhoird i rith na bliana 2012, €7,618 (2011 - €7,809) a bhí dlite do John G. O' Donnell agus €5,079 (2011 - €5,206) a bhí dlite do Thomas R. Power agus Sinéad Brett araon. Rinneadh na táillí uile a íoc glan ar Cháin Shiarchoinneálach maidir le Seirbhísí Gairmiúla ar ráta 20%. Tá san áireamh leis na Costais Fabhraithe suim €444 atá dlite do Chomhaltaí Boird i ndáil leis an mbliain 2011, €190 a bhí dlite do John G. O' Donnell agus €127 an duine a bhí dlite do Thomas R. Power agus do Shinéad Brett. Ní fhaigheann comhaltaí ex officio ná comhaltaí arna gceapadh ag an Roinn aon íocaíocht i ndáil le bheith ina gcomhaltaí den Bhord.

### Nóta 7. Taisteal Chomhaltaí an Bhoird

Íocadh costais taistil €3,521 in iomláine le triúr comhaltaí seachtracha de chuid an Bhoird i rith na bliana 2012 i ndáil le freastal ar 10 Chruinniú Boird i rith na bliana 2012; fuair John G. O'Donnell €2,698 (2011 - €2,698) agus fuair Sinéad Brett €566 (2011 - €424) agus fuair Thomas R. Power €257 (2011: €Nil). De réir Rátaí Taistil na Státseirbhíse a íocadh na costais uile.

### Nóta 8. Costais Oibriúcháin

Cuireann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt cóiríocht, an úsáid as sócmhainní seasta san áireamh, ar fáil saor ó tháille don Bhord, in áitribh na Roinne i Lána Líosáin, Baile Átha Cliath 2.

Cuireann an Bord ciste ar fáil do chostais oibriúcháin an Bhoird ach amháin i gcás na seirbhísí seo a leanas a chuirenn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar fáil saor in aisce:

- Teileafón & Faics
- Stáiseanóireacht
- Glantachán
- Costais eile oifige, soilse agus teas san áireamh.

### Nóta 9. Cánachas

I gcomhréir le Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 níor íocadh aon cháin agus ní éilítear soláthar a dhéanamh do chánachas sna ráitis airgeadais.

### Nóta10. Comhaltaí an Bhoird: Nochtadh Leasa

Tá nós imeachta glactha chucu féin ag comhaltaí an Bhoird i gcomhréir le hilt 17 agus 18 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

### Nóta 11. Cruinnithe Boird

Bíonn cruinnithe ag an mBord ar bhonn rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí oibriúcháin. Seo a leanas líon na gcruinnithe a d'fhreastail gach duine de Chomhaltaí an Bhoird i rith na bliana 2012:

| | |
|---|---|
| John G. O'Donnell | 9 |
| Tom Power | 9 |
| Sinéad Brett | 6 |
| Brian Hogan | 9 |
| Jurgen Whyte | 10 |

### Nóta 12. Gnóthas Leantach

Fógraíodh an 14 Deireadh Fómhair 2008 go gcónascfaí feidhmeanna an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) le feidhmeanna an Aonaid um Imscrúdú Aerthionóiscí (AIAT) agus le feidhmeanna an Aonaid Imscrúdaithe Timpiste Iarnróid (AITI) chun comhlacht nua a chur ar bun a bheadh freagrach as imscrúduithe ar thimpistí aeir, muirí agus iarnróid. I rith na bliana 2012, deimhníodh nach rabhthas ag smaoineamh níos mó ar chónascadh den sórt sin a dhéanamh agus go leanfadh an trí chomhlacht thuasluaite i mbun feidhme neamhspleách ar a chéile.

Tá an eagraíocht ag brath ar chúnamh airgid leanúnach ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus táthar den tuairim go leanfar den chúnamh sin a fháil ar feadh na tréimhse a fheictear romhainn. Meastar dá bhrí sin gur iomchuí leanacht de na cuntais a ullmhú ar Bhonn Gnóthais Leantaigh.

### Nóta 13. Aontú na Ráiteas Airgeadais

D'aontaigh an Bord na Ráitis Airgeadais an 25 Meán Fómhair 2013.

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2. Teileafón: 01-678 3485. Faics: 01-678 3493. www.mcib.ie